# Líon na Bearnaí

## Sraith 1: Turas go dtí Comórtas Leadóige Wimbledon

**Pictiúr 1:**

Bhí na cairde i mbun scrúduithe an__________. Nuair a bhí na scrúduithe thart thug siad ____________ leo agus chuaigh siad go dtí na cúirteanna leadóige chun cluiche a imirt. D'inis Aodhán don bheirt eile go raibh ticéid ___________ aige chun dul go Wimbledon. Bheadh na comórtais idirnáisiúnta ar siúl ag deireadh na míosa. Bheartaigh an triúr acu dul go Londain chun cluiche leadóige a fheiceáil i Wimbledon.

**Pictiúr 2**:

Nuair a tháinig an lá chun imeachta thug ____________ Bhriain go dtí an t-aerfort iad. Chuaigh siad go dtí __________ chláraithe na n-eitiltí go Londain agus thaispeáin siad na ticéid. Maidir le bagáiste ní raibh ach mála beag amháin an duine acu. D'iarr a mháthair ar Bhrian _________ a chur chuici nuair a shroichfidis a gceann scríbe slán. Dúirt a athair leo taitneamh a bhaint as an turas.

**Pictiúr 3:**

Nuair a thuirling an t-eitleán i Londain bhí an aimsir go hálainn. Bhí an ghrian go hard sa spéir ghlan ghorm. Ba bheag scamall a bhí le feiceáil. Ar an mbealach go dtí an t-óstán chonaic siad __________ Londan agus ________ na Tamaise. Bhí ríméad orthu nuair a shroich siad an t-óstán a bhí curtha in áirithe dóibh. Bhí seomra codlata amháin á roinnt ag an triúr acu agus cheap siad go raibh sé fíorchompordach. Nuair a léigh siad an ____________ tháinig ocras orthu. Bhí sé go hiontach.

**Pictiúr 4:**

Amach leo _________________ sa chathair. Bhí lár na cathrach plódaithe le daoine. Labhair Ciarán le cailín deas a raibh culaith ghnó fhoirmiúil uirthi agus spéaclaí gréine ar chlár a héadain. Chonaic siad na bealaí síos faoin _____________ chuig Meitreo Londan. Um thráthnóna chuaigh siad ar chamchuairt timpeall na cathrach ar bhus na dturasóirí. Fuair siad radharc ar na séadchomharthaí go léir: an clog mór "Big Ben" agus "Roth Mór na Mílaoise" agus araile. Bhain siad an-sult as an lá i Londain.

**Pictiúr 5:**

An lá dár gcionn chuaigh siad go Wimbledon agus isteach leo chuig seomra na __________. Bhí an t-ádh orthu go raibh beirt imreoirí cáiliúla i láthair: Nadal agus Djokovic. Bhí siadsan an-cháirdiúil. Labhair siad leo. D'fhiafraigh siad díobh faoin leadóg in Éirinn agus scríobh siad a n-ainmneacha ar an gClár do gach duine acu mar ___________ ar a gcuairt. Ansin tógadh ___________ den triúr i bhfochair laochra na leadóige.

# Líon na Bearnaí

**Pictiúr 6:**

Ar deireadh d'aimsigh siad na ___________ a bhí curtha in áirithe dóibh sa Chúirt Láir. Bhí radharc breá acu ar an _________ féin agus ar an eangach. Bhí an triúr an-sásta leis na suíocháin a fuair siad. Bhí an áit plódaithe le daoine. Ní raibh oiread agus suíochán amháin le spáráil. Dúirt Aodhán go raibh an t-ádh leo a leithéid de dhuais a bhuachan. Shíl Brian go mbeadh an ________ ag Djokovic sa Chraobhchomórtas. Dúirt Ciarán go raibh brón air go gcaithfeadh siad dul abhaile an lá dár gcionn.